C/2024/5868

27.9.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Meán Fómhair 2024

lena gceaptar comhalta amháin de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA)

(C/2024/5868)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 a bhaineann le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH),lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún [1], agus go háirithe Airteagal 79 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 79 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 go bhfuil an Chomhairle le hionadaí amháin a cheapadh ó gach Ballstát mar chomhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Bord Bainistíochta').

(2) Tá comhaltaí an Bhoird Bainistíochta le ceapadh bunaithe ar an taithí agus an saineolas ábhartha atá acu i réimse na sábháilteachta ceimiceán nó na rialála ceimiceán, agus ar an mbonn go bhfuil saineolas ábhartha i réimsí cúrsaí ginearálta, airgeadais agus dlí ar fáil i measc chomhaltaí an bhoird.

(3) 4 bliana a mhaireann téarma oifige comhalta den Bhord Bainistíochta agus féadfar é a athnuachan uair amháin.

(4) Le Cinneadh an 30 Meán Fómhair 2020 [2] cheap an Chomhairle comhalta amháin den Bhord Bainistíochta.

(5) Ceapadh an comhalta sin den Bhord Bainistíochta, arna ainmniú ag an gCróit, go ceann tréimhse dar críoch an 1 Deireadh Fómhair 2024.

(6) Chuir Rialtas na Cróite in iúl don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn aige an t-ionadaí reatha ón gCróit ar an mBord Bainistíochta a ainmniú, agus thíolaic sé ainmniúchán don dara téarma oifige go ceann tréimhse dar críoch an 30 Meán Fómhair 2028,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Dubravka Marija KREKOVIĆ, de náisiúntacht na Cróite, ina comhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) don dara téarma oifige don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2028.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

FELDMAN Z.

---

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

[2] Cinneadh ón gComhairle an 30 Meán Fómhair 2020 lena gceaptar comhalta amháin de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (IO C 330, 6.10.2020, lch. 2).